

## **Ráitis (T2) do Chlár Scoile na Sraithe Sóisearaí (CSSS):**

### **Nótaí an mhúinteora**

Tugann *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T2)* cur síos mionsonraithe ar fhoghlaim na Gaeilge sa tsraith shóisearach i dtaca le gach scoláire i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Tá an tsonraíocht ar fáil ar shuíomh CNCM: [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie).

Ráitis iad na ráitis CSSS (JCSP) atá mar ábhar tacaíochta agus mar scafall don teagasc agus don fhoghlaim do scoláirí atá ag tabhairt faoi Chlár Scoile na Sraithe Sóisearaí. Ní chuimsíonn na ráitis ach cuid den fhoghlaim atá i gceist le sonraíocht na Gaeilge ach is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint astu chun tacú le foghlaim an scoláire i réimsí den fhoghlaim atá i gceist sa tsonraíocht.

Ní chuireann uimhreacha Ráitis CSSS ord tábhachta in iúl. Tá saoirse ann tabhairt faoi pé ráitis is oiriúnaí do chomhthéacs an rang-ghrúpa agus don fhoghlaim a bheidh mar thoradh ar aonaid foghlama a eascraíonn as torthaí foghlama *Shonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T2)*. Is ráitis iad torthaí foghlama (TFanna) na sonraíochta a chuireann síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa tsraith shóisearach. Is scafall iad Ráitis CSSS a thacaíonn leis an scoláire cuid den fhoghlaim atá i gceist sna TFanna a bhaint amach.

### **Cur chuige comhtháite**

Cur chuige comhtháite atá i gceist sa tsonraíocht: ní mór cuimhneamh gur chóir na scileanna teanga ar fad a chur chun cinn i ngach rang agus i ngach aonad foghlama. Beidh an fhorbairt atá ar bun ag scoláire i scil teanga amháin ag tarraingt ar agus ag cur leis na scileanna teanga eile. Tapaítear an deis chun na scileanna teanga ar fad a chothú le chéile.

Meabhraítear do mhúinteoirí go bhfuil póstaer chun tacú le scoláirí scil an mhachnaimh a fhorbairt ar fáil le híoslódáil ó rannán na Gaeilge ar an suíomh [www.jct.ie](http://www.jct.ie) ag an nasc seo a leanas:

[https://www.jct.ie/leagangaeilge/gaeilge/t2\\_cpd\\_workshop\\_three\\_ga](https://www.jct.ie/leagangaeilge/gaeilge/t2_cpd_workshop_three_ga)

## Nótaí breise don mhúinteoir

Tugtar roinnt sonraí breise thíos a d'fhéadfadh a bheith cuiditheach agus tú i mbun pleanála ar úsáid na ráiteas. Luaitear uimhir na sprice a bhfuiltear ag tagairt di i ngach cás.

### Ráiteas 1:

(3) **Acmhainní foghlama teanga:** Mar shampla: [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie), [www.teanqlann.ie](http://www.teanqlann.ie), [www.abair.tcd.ie](http://www.abair.tcd.ie), Fís agus Foghlaim ar [www.gaelchultur.com](http://www.gaelchultur.com)

(5) **Na meáin dhigiteacha:** Mar shampla, aipeanna agus feidhmchláir ar nós Adobe Spark, Powtoon, Tellagami, Mentimeter, Kahoot, Piktochart, Coggle, Puppetpals, Edmodo, Prezi agus cinn eile nach iad, chun cabhrú leis an scoláire ábhar ó bhéal nó i scríbhinn a thaifead agus/nó a roinnt le comhscoláirí.

(10) **Ainmneacha agus sloinnte:** Is iomaí acmhainn clóite agus ar líne atá ar fáil chun tacú le foghlaim an scoláire dá leithéid de thionscnamh. Mar shampla, (ar líne) [www.sloinne.ie](http://www.sloinne.ie) nó (i gcló) *The Surnames of Ireland* le Edward MacLysaght.

(11) **Logainmneacha:** Féach na hacmhainní teagaisc agus foghlama atá ar fáil ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) (sna rannáin 'Acmhainní agus 'Oideachas') agus acmhainní ar líne agus clóite eile.

### Ráiteas 2:

**Cumas cumarsáide:** Ní chiallaíonn teideal an ráitis seo gur scileanna ó Shnáithe 1 (*Cumas cumarsáide*) amháin atá i gceist. Bíonn an dá shnáithe eile (*Feasacht teanga agus chultúrtha* agus *Féinfheasacht an fhoghlaimora*) i gconáil ag cur le agus ag cothú na scileanna cumarsáide.

(5) **Téacsanna de chineálacha difriúla:** Téacsanna ó bhéal agus téacsanna scríofa san áireamh. **Samplaí de théacsanna ó bhéal:** teachtaireacht ghutha, cur i láthair, comhrá, agallamh, físeán beag le fuaim (osghuthú nó dialóg) agus cineálacha téacsanna eile nach iad. **Samplaí de théacsanna scríofa:** téacsteachtaireacht, giolc, blag, gearrscéal, dialann, dán nó amhrán dá chuid féin agus cineálacha téacsanna eile nach iad. **Samplaí de théacsanna ilmhódacha:** scannán, suíomh gréasáin, nuachtán ar líne, sleamhnáin le hosghuthú, pictiúr le lipéid agus cineálacha téacsanna eile nach iad.

(11) **Litriú agus poncaíocht:** D'fhéadfaí an trí bhosca a chomhlánadh de réir a chéile, ag brath ar leibhéal cumais an scoláire, a fhad is atá fianaise ann ar dhul chun cinn suntasach an scoláire.

### Ráiteas 3:

**An Litríocht:** Is nasc leis an bpobal teanga í an litríocht agus is tobar an chultúir Ghaelaigh í. Tá staidéar ar an litríocht mar chuid lárnach de staidéar ar Ghaeilge na sraithe sóisearaí. Tugann an litríocht deis don scoláire cumarsáid a dhéanamh leis an múinteoir agus lena chomhscoláirí. Is uirlis í an litríocht trína bhforbraíonn an scoláire a scileanna teanga ar fad trí eiseamláirí den dea-chaint agus den ghnáthchaint a aithint agus a úsáid ina chuid cumarsáide féin.

**(1) Amhrán (dán) a roghnú:** Is cuid thábhachtach d'eispéireas foghlama an scoláire i nGaeilge na sraithe sóisearaí í rogha a dhéanamh. Tugann rogha a dhéanamh deis don scoláire a réimse spéise a chur in iúl, plé lena chomhscoláirí agus úinéireacht a ghlacadh ar an bhfoghlaim. Forbraíonn an scoláire scil an roghnaithe chomh maith lena scileanna teanga chun a rogha a chur in iúl:

'Tá tábhacht mhór ag baint le roghnú na dtéacsanna litríochta; is gá téacsanna a ndéanfadh an scoláire comhionannú leo agus ina bhféadfadh sé a bheith rannpháirteach go mothúchánach agus go pearsanta a roghnú. Tá ról an scoláire féin i roghnú na dtéacsanna fíorthábhachtach. Tacóidh an múinteoir leis an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí chun an rogha is oiriúnaí a dhéanamh.' *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T2)*, lch 17.

**(7) Meán digiteach:** Féach an nóta faoi na meáin dhigiteacha a ghabhann le Ráiteas 1.

**(10) Acmhainn ar líne:** Roinnt samplaí d'acmhainní ar líne a chabhróidh leis an scoláire cur lena thuiscint ar na canúintí ná [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) agus [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie). Sna ríomhfhoclóirí seo, is féidir leis an scoláire cliceáil ar chnaipe chun éisteacht le focal á rá ina rogha chanúna agus an fhoghraíocht a chur i gcomparáid le canúint eile más mian leis.

Tá [www.abair.tcd.ie](http://www.abair.tcd.ie) úsáideach chun deis a thabhairt don scoláire na scileanna teanga a chomhtháthú (mar shampla, líne as amhrán/dán a léamh, an líne a thras-scríobh isteach sa bhosca bán, éisteacht le guth sintéiseach á rá agus aithris a dhéanamh air.)

**(11) Struchtúir agus patrúin na teanga:** comhréir, nathanna leis an gcopail, nathanna a bhfuil réamhfhocail ag gabháil leo, aimsirí na mbriathra, iolra na n-ainmfhocal agus struchtúir agus patrúin eile nach iad.

### Ráiteas 4:

**Aistear Foghlama sa Ghaeilge agus spriocanna (viii), (ix) agus (x):** Meabhraítear do mhúinteoirí na deiseanna atá ann naisc a léiriú idir fhoghlaim na Gaeilge agus fhoghlaim theangacha eile, go háirithe ag tagairt do theangacha dúchais na scoláirí eile sa rang-ghrúpa (agus do na teangacha eile atá á bhfoghlaim ag an rang-ghrúpa ar scoil).

(4) **Treoir:** Mar shampla, teoracha do ghníomhaíochtaí foghlama, d'obair bheirte nó obair ghrúpa, teoracha chun obair an ranga a stiúradh agus spreagthaigh don mhachnamh agus don fhoghlaim. Meabhraítear do mhúinteoirí go bhfuil póstaer le samplaí de spreagthaigh agus de theanga an mhachnaimh ar fáil le híoslódáil ó rannán Gaeilge shuíomh [jct.ie](https://www.jct.ie/leagangaeilge/gaeilge/t2_cpd_workshop_three_ga) ag an nasc seo a leanas: [https://www.jct.ie/leagangaeilge/gaeilge/t2\\_cpd\\_workshop\\_three\\_ga](https://www.jct.ie/leagangaeilge/gaeilge/t2_cpd_workshop_three_ga)

(10) **Spreagadh:** Mar shampla, spraoi, cumarsáid, taisteal, nasc leis an bpobal teanga, léargas ar an gcultúr agus oidhreacht, saibhriú stór focal, sásamh a bhaint as an ngramadach a thuiscint, buntáistí an dátheangachais agus araile.

(11) **Bunchoincheapa na gramadaí:** Mar shampla: ainmfhocal, uatha, iolra, firinscneach, baininscneach, aidiacht, séimhiú, urú, uimhreacha, guta leathan / guta caol, consan leathan / consan caol, an chopail 'is', briathar rialta, briathar neamhrialta, an aimsir láithreach, an aimsir chaite, an aimsir fháistineach, an modh ordaitheach, réamhfhocal srl.

Is fiú cíoradh a dhéanamh ar na ráitis sa Bhéarla agus sna Nuatheangacha lasachta chun naisc a chothú idir fhoghlaim an scoláire sa Ghaeilge agus i dteangacha eile maidir le coincheapa agus téarmaí gramadaí de.

# Réimse Taithí: T2 Gaeilge

Gaeilge

Dalta:

Rang:

**Ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh tá sé ar chumas an dalta:**

**IRJC1 T2: An Ghaeilge agus cultúr na Gaeilge thart timpeall orm**

**IRJC2 T2: Ag forbairt mo chumas cumarsáide**

**IRJC3 T2: Mo rogha ghné de litríocht na Gaeilge**

**IRJC4 T2: M'aistear foghlama sa Ghaeilge**

# T2: An Ghaeilge agus cultúr na Gaeilge thart timpeall orm

## Gaeilge

Códuimhir Ráitis: IRJC1

Dalta:

Rang:

### Is féidir liom:

Tosaithe agam	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>	Dul chun cinn déanta	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>	Táim in ann	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>
1. Tugaim sonraí pearsanta bunúsacha agus lorgaim sonraí pearsanta duine eile.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
2. Aithním agus tuigim an Ghaeilge mórthimpeall orm, mar shampla, treoracha agus comharthaí ar scoil, sa sráidbhaile, ar líne agus sna meáin.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
3. Úsáidim foclóirí agus acmhainní foghlama teanga eile le cuidiú liom an Ghaeilge a thuiscint agus a úsáid.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
4. Úsáidim an Ghaeilge lasmuigh den rang Gaeilge	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
5. Úsáidim na meáin dhigiteacha chun cumarsáid a dhéanamh sa Ghaeilge.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
6. Déanaim staidéar / taighde chun cultúr luachmhar agus oidhreacht shaibhir na Gaeilge a fhiosrú.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
7. Déanaim cumarsáid bunaithe ar ghné den chultúr Gaelach.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
8. Glacaim páirt in imeachtaí / ócáidí Gaeilge chun idirghníomhú le húsáideoirí Gaeilge eile	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
9. Úsáidim na meáin chumarsáide Ghaelacha chun Gaeilge a fhoghlaim.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
10. Déanaim taighde ar ainmneacha agus sloinnte Gaelacha agus ar ainmneacha agus sloinnte i dteanga / i gcultúr eile.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
11. Déanaim taighde ar logainmneacha mo cheantair féin agus logainmneacha ceantar eile.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

### Féinmhachnamh...

Rud amháin a rinne mé go maith ná...

Rud amháin ar bhain mé taitneamh as ná...

Mar thoradh ar an staidéar seo bhraith mé (sásta / bródúil / spreagtha srl)...

mar

Rud amháin atá le feabhsú agam ná...

# T2: Ag forbairt mo chumas cumarsáide

## Gaeilge

Códuimhir Ráitis: IRJC2

Dalta:

Rang:

### Is féidir liom:

Tosaithe agam	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>	Dul chun cinn déanta	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>	Táim in ann	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>
1. Nuair a éistim le daoine ag labhairt Gaeilge, tuigim bunbhrí na cainte.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
2. Cuirim ceist ar dhuine eile ar mhaithe le heolas a fháil, rud a shoiléiriú nó rud a chinntiú.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
3. Labhraím faoi rudaí atá feicthe, cloiste, léite nó scríofa agam.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
4. Scríobhaim faoi rudaí atá feicthe, cloiste, léite nó ráite agam.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
5. Bíonn comhrá agam le duine eile faoin ngnáthshaol.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
6. Fuaimním na focail atá foghlamtha agam go cruinn ceart.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
7. Úsáidim foclóir nó acmhainn foghlama teanga eile, cuirim ceist, tugaim buille faoi thuairim nó leanaim orm ar mhaithe le cumarsáid a choimeád sa tsiúl.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
8. Cuirim tuairimí in iúl faoi rudaí a bhfuil (nó nach bhfuil) suim agam iontu.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
9. Aithním canúint amháin eile sa Ghaeilge seachas mo chanúint féin agus tuigim bunbheannachtaí sa chanúint sin.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
10. Cumaim téacsanna de chineálacha difriúla, téacsanna ilmhódacha san áireamh.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
11. Úsáidim litriú agus poncaíocht chruinn an chuid is mó den am.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
12. Bainim úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun cumarsáid a dhéanamh.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

### Féinmhachnamh...

Rud amháin a rinne mé go maith ná...

Rud amháin ar bhain mé taitneamh as ná...

Mar thoradh ar an staidéar seo bhraith mé (sásta / bródúil / spreagtha srl)...

mar

Rud amháin atá le feabhsú agam ná...

# T2: Mo rogha ghné de litríocht na Gaeilge

## Gaeilge

Códuimhir Ráitis: IRJC3

Dalta:

Rang:

### Is féidir liom:

Tosaithe agam  | Dul chun cinn déanta  | Táim in ann

1. **Úsáidim** mo chuid Ghaeilge chun amhrán (nó dán) a roghnú agus chun staidéar a dhéanamh air.
2. **Deirim** cén fáth ar roghnaigh mé an t-amhrán (nó an dán) agus an fáth go dtaitníonn (nó nach dtaitníonn) sé liom.
3. **Aithním** agus **pléim** teachtaireachtaí an amhráin (nó an dáin).
4. **Déanaim cur síos ar** chúlra agus ar scéal an amhráin (an dáin).
5. **Cuirim** tuairim phearsanta **in iúl** ó bhéal faoin amhrán (dán).
6. **Lorgáim** smaointe ó mo chomhscoláirí faoin amhrán (dán) a roghnaigh an rang.
7. **Úsáidim** meán digiteach chun mo thuairimí faoin amhrán (dán) a roinnt.
8. **Déanaim aithris ar** an amhrán (dán), nó cuid de, i m'aonar nó mar chuid de ghrúpa.
9. **Déanaim cur síos ar** an gceoltóir/ar an gcumadóir/ar an amhránaí (nó ar an bhfile).
10. **Tugaim canúint faoi deara** agus **úsáidim** acmhainn ar líne chun cur le mo thuiscint ar an gcanúint.
11. **Tugaim** struchtúir agus patrúin na teanga **faoi deara** agus **úsáidim** iad i mo chuid cumarsáide féin.

### Féinmhachnamh...

Rud amháin a rinne mé go maith ná...

Rud amháin ar bhain mé taitneamh as ná...

Mar thoradh ar an staidéar seo bhraith mé (sásta / bródúil / spreagtha srl)...

mar

Rud amháin atá le feabhsú agam ná...



# T2: M'aistear foghlama sa Ghaeilge

## Gaeilge

Códuimhir Ráitis: IRJC4

Dalta:

Rang:

Is féidir liom:

Tosaithe agam <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>	Dul chun cinn déanta <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>	Táim in ann <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>	
1. Úsáidim focail, nathanna, struchtúir agus eolas nua-fhoghlamtha.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
2. Leagaim amach aidhmeanna pearsanta foghlama dom féin sa Ghaeilge agus déanaim cinntí faoin gcéad chéim eile den fhoghlaim.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
3. Cuirim ceisteanna agus freagraim ceisteanna chun tacú le mo thuras foghlama sa Ghaeilge.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
4. Lorgaim, tuigim agus úsáidim an treoir agus an t-aiseolas a fhaighim ó mo mhúinteoir, ó mo chomhscóláirí agus ó úsáideoirí eile.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
5. Cabhraim le mo chomhscóláirí agus cabhraíonn siadsan liom agus muid ag dul chun cinn ar aistear na foghlama sa Ghaeilge.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
6. Tugaim aiseolas do mo mhúinteoir, do mo chomhscóláirí agus d'úsáideoirí eile.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
7. Déanaim machnamh ar mo chuid láidreachtaí agus ar bhealaí chun feabhsú mar fhoghlaimeoir teanga.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
8. Tugaim cosúlachtaí agus difríochtaí idir an Ghaeilge agus teangacha eile faoi deara.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
9. Úsáidim na scileanna teanga atá agam cheana féin i dteanga eile chun cabhrú liom an Ghaeilge a fhoghlaim.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
10. Aithním na nithe a spreagann mé chun an Ghaeilge agus teangacha eile a fhoghlaim agus a úsáid.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
11. Tuigim na bunchoincheapa agus na téarmaí a bhaineann le gramadach na Gaeilge agus úsáidim na téarmaí sin.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
12. Aithním agus úsáidim struchtúir agus patrúin ghramadaí na Gaeilge i mo chuid cumarsáide féin.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

## Féinmhachnamh...

Rud amháin a rinne mé go maith ná...

Rud amháin ar bhain mé taitneamh as ná...

Mar thoradh ar an staidéar seo bhraith mé (sásta / bródúil / spreagtha srl)...

mar

Rud amháin atá le feabhsú agam ná...